

BEAN CHAOIN AGUS FEAR BORB.

33

An t-am a raibh an Mhaighdean Ghlórmhar agus Naomh Seosamh ag siubhal air an talamh seo, bhíodar thuas i Jerasulem agus tháinigedar isteach i dteach ann. D'iarr an Mhaighdean Ghlórmhar, ar bhean an tighe cead cúpla phata, a rósta sa teine. Thug bean an tighe cead dí bruithneóig a chur sa teine. Ní raibh an teine deargtha. Bhí an teine as ag an mbruithneóig nuair a tháinig fear an tighe isteach. Thosuigh sé ag troid leis an mbean faoi'n teine a bheith as aice. Chuir sé amach an Mhaighdean Ghlórmhar agus Naomh Seosamh agus d'iarradar cead a dhul isteach i stábla, idir bulláin agus asal. Bhí líon dá bhualadh sa stábla an lá roimhe sin, agus colg an lín ar an urlár ann. Bhual tinneas ar Slánuightheora an Maighdean Mhuire, sul ina bhí sé a bhfad san oidhche.

34

Bhuail doich-bhuilg an fear tighe a chuir amach í. Bhí sé chó dona is go ndeacha teachtaire go dtí an bheirt bhocht a chuir sé fhéin amach ag féachaint a mbeadh aon leigheas aice le haighaidh doich-bhuilg.

"Bean chaoín", adeir an Mhaighdean Ghlórmhair agus fear borb

a chuir Mac Dé ina luighe sa gculg

Téirigh abhaile agus aithrís é sin don doich-bhuilg agus béidh sé go maith ar ball.

10/10/1931.